Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Aibreán 2016**
**(OR. en)**

**7920/16**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2012/0011 (COD)**

**VOTE 18**
**INF 61**
**PUBLIC 20**
**CODEC 450**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | • Toradh na vótála<br>• Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine nádúrtha a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)<br>– Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh a ghlacadh agus ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh<br>– Toradh an nós imeachta i scríbhinn a tugadh chun críche ar an 8 Aibreán 2016 |

Tá toradh na vótála maidir leis an ngníomh reachtach thuasluaite i gceangal leis an nóta seo.

Doiciméad tagartha:

5419/16

a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 06.04.2016

Aon ráitis agus/nó aon mhíniúcháin a rinneadh maidir leis an vótáil, tá siad i gceangal leis an nóta seo.

# IARSCRÍBHINN 1

General Secretariat of the Council

| | |
|---|---|
| Institution: | **Council of the European Union** |
| Session: | |
| Configuration: | |
| Item: | **2012/0011 (COD) (Document: 5419/16)** |
| Voting Rule: | **qualified majority** |
| Subject: | Regulation of the European Parliament and of the Council on the protection of natural persons with regard to the processing of personal data and on the free movement of such data, and repealing Directive 95/46/EC (General Data Protection Regulation) |

| Vote | Members | | Population (%) |
|---|---|---|---|
| Yes | 27 | | 98,31% |
| No | 1 | | 1,69% |
| Abstain | 0 | | 0% |
| Not participating | 0 | | |
| Total | 28 | | |

Sitting date: **08/04/2016**

Final result

| Member State | Weighting | Vote | Member State | Weighting | Vote |
|---|---|---|---|---|---|
| BELGIQUE/BELGIË | 2,21 | Yes | LIETUVA | 0,57 | Yes |
| БЪЛГАРИЯ | 1,42 | Yes | LUXEMBOURG | 0,11 | Yes |
| CESKÁ REPUBLIKA | 2,05 | Yes | MAGYARORSZÁG | 1,94 | Yes |
| DANMARK | 1,11 | Yes | MALTA | 0,08 | Yes |
| DEUTSCHLAND | 15,93 | Yes | NEDERLAND | 3,37 | Yes |
| EESTI | 0,26 | Yes | ÖSTERREICH | 1,69 | No |
| ÉIRE/IRELAND | 0,91 | Yes | POLSKA | 7,47 | Yes |
| ΕΛΛΆΔΑ | 2,13 | Yes | PORTUGAL | 2,04 | Yes |
| ESPAÑA | 9,12 | Yes | ROMÂNIA | 3,90 | Yes |
| FRANCE | 13,04 | Yes | SLOVENIJA | 0,41 | Yes |
| HRVATSKA | 0,83 | Yes | SLOVENSKO | 1,06 | Yes |
| ITALIA | 12,07 | Yes | SUOMI/FINLAND | 1,08 | Yes |
| ΚΎΠΡΟΣ | 0,17 | Yes | SVERIGE | 1,92 | Yes |
| LATVIJA | 0,39 | Yes | UNITED KINGDOM | 12,73 | Yes |

** When acting on a proposal from the Commission or the High Representative, qualified majority is reached if at least 55 % of members vote in favour (16 MS) accounting for at least 65% of the population*

*For information: http://www.consilium.europa.eu/public-vote*

**IARSCRÍBHINN 2**

RÁITIS

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Is oth leis an gCoimisiún gur scriosadh óna thogra tosaigh na haithrisí a bhaineann le acquis Schengen, is iad sin aithrisí 136, 137 agus 138. Measann an Coimisiún, go háirithe de bharr gur víosaí, rialuithe ag teorainneacha agus filleadh atá faoi chaibidil, gur forbairt ar acquis Schengen an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí sna ceithre Stát a mbaineann cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt an acquis sin leo.

**Ráiteas ó Phoblacht na Seice**

Is díol sásaimh do Phoblacht na Seice gur glacadh seasamh na Comhairle agus gur tugadh an chaibidlíocht chun críche. Thacaigh Poblacht na Seice leis an gcaibidlíocht ar bhealach gníomhach, cuiditheach agus is mór aici gur réitíodh cuid mhór de na hábhair imní, amhail an gaol leis na comhaontuithe idirnáisiúnta atá ann cheana agus neartú an chomhair idirnáisiúnta idir na húdaráis mhaoirseachta.

Mar sin féin, tá Poblacht na Seice fós fíorimníoch faoi shaincheisteanna áirithe.

Ar an gcéad dul síos, ní chreideann Poblacht na Seice go mbeidh feidhmiú an Rialacháin éifeachtach go leor, sa mhéid a bhaineann le rialaitheoirí thar lear. D'fhéadfadh muinín gan bhonn a thabhairt do shaoránaigh na hEorpa leis sin.

Ar an dara dul síos, is oth le Poblacht na Seice gur cloíodh an iomarca leis an treoir atá ann cheana. Mar shampla, ní fhéadfaí spleáchas níos córasaí maidir le cur chuige rioscabhunaithe a chur in ionad chatagóir chaolagrach na "sonraí pearsanta íogaire", cé go bhféadfadh éagsúlacht a bheith ann idir fíoríogaireacht na sonraí pearsanta agus an gá atá le cosaint mar thoradh air sin, ag brath ar an bpróiseáil a dhéantar.

Ar an tríú dul síos, tá imní ar Phoblacht na Seice faoi uasteorainneacha na smachtbhannaí riaracháin in éineacht le cionta nach ndéantar a shainmhíniú go soiléir. Thairis sin, trí thagairt a dhéanamh don tsuim sheasta agus don tsuim a bhunaítear ar neart eacnamaíoch araon, cibé cé acu is airde, bíonn tionchar ag na fíneálacha riaracháin ar fiú na fiontair bheaga agus mheánmhéide, ar spreagthaí na nuálaíochta iad go minic.

Ar an gceathrú dul síos, is oth le Poblacht na Seice nach ndeachthas i muinín an chur chuige rioscabhunaithe ar bhealach níos ginearálta agus go bhforchuirtear ualaigh díréireacha riaracháin agus ualaigh eile ar rialaitheoirí agus ar phróiseálaithe le ceanglais áirithe.

Mar fhocal scoir, measann Poblacht na Seice go bhfuil an tréimhse oiriúnúcháin róghairid, ós rud é go gcaithfear a lán dlíthe a mheas agus a leasú i gcásanna áirithe.

## Ráiteas ón Ríocht Aontaithe

Tacaíonn an Ríocht Aontaithe leis an gcomhaontú maidir le córas nua cosanta sonraí le creat comhchuibhithe a chur ar fáil ar fud an Aontais Eorpaigh. Bainfidh an Ríocht Aontaithe leas as an rogha atá ag na Ballstáit an rialachán a chur chun feidhme ina dtír féin ar bhealach iomchuí.

Measann an Ríocht Aontaithe go bhfuil oibleagáidí sa Dréacht-Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí faoi Airteagal 48 a bhaineann le haitheantas frithpháirteach do bhreithiúnais, a thagann faoi raon feidhme Theideal V de Chuid III den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Mar sin, i ndáil leis na forálacha lena mbunaítear rialacha maidir le haitheantas agus forfheidhmiú na mbreithiúnas in Airteagal 48, gan dochar d'fhorálacha eile sna Conarthaí, i gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal 21, níor fheidhmigh an Ríocht Aontaithe a cheart lena bheith rannpháirteach agus ní bheidh sí faoi cheangal ag na forálacha seo.

## Ráiteas ó Phoblacht na Slóivéine

Tacaíonn Poblacht na Slóivéine leis an gcomhaontú maidir le corás nua cosanta sonraí an Aontais Eorpaigh.

Measann Poblacht na Slóivéine gur cheart déileáil le cosaint sonraí go príomha mar cheann de chearta aonair an duine.

Mar sin de, ba mhaith le Poblacht na Slóivéine a athdhearbhú gur cheart go mbeadh sé de chumhacht ag na Ballstáit i gcónaí breis forbartha a dhéanamh i ndáil le sonraí pearsanta a chosaint le go leagfar síos caighdeáin níos airde i gcomhréir leis an gCairt, leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus le bunreachtanna náisiúnta.

Thairis sin, ba cheart dúinn measúnú a dhéanamh arís an ionann leasanna dlisteanacha luaite na rialaitheoirí sonraí agus cearta an duine - agus an bhfuil siad i gcomhréir leis an mbunreacht.

**Ráiteas ón Ostair**

Rinne an Ostair iarracht i gcónaí a cion a dhéanamh ar mhaithe le rialachán maidir le cosaint sonraí lena n-urramaítear cearta bunúsacha agus lena gcuirtear leasanna gnó san áireamh ag an am céanna. San am a chuaigh thart, bhíothas i gcónaí in ann teacht ar réitigh iomchuí i gcás roinnt saincheisteanna. Mar sin féin, in ainneoin cuid mhór iarrachtaí diana ó na hUachtaránachtaí agus ón Ostair, tá roinnt saincheisteanna tábhachtacha fós gan réiteach (féach freisin na ráitis uainn in 1384/15 agus 5455/16 ADD 1 REV 1). Ar an iomlán, is oth leis an Ostair mar sin nach bhfuil sí in ann tacú leis an téacs comhréitigh deiridh mar atá sé beartaithe.

Ar roinnt bealaí, níl an leibhéal cosanta sonraí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí chomh maith leis an leibhéal a fhoráiltear leis an Treoir reatha maidir le Cosaint Sonraí 95/46/CE agus lena chur chun feidhme faoin dlí náisiúnta maidir le cosaint sonraí. Ní fhéadfar na heasnaimh sin a 'chúiteamh' i ndlí an Aontais trí an dlí náisiúnta siocair go bhfuil sé beartaithe gur i bhfoirm rialacháin a bheidh an gníomh dlíthiúil. Baineann an méid sin leis na pointí a leanas thar aon ní eile:

- Ní áirítear gníomhaíochtaí príobháideacha ar na meáin shóisialta i raon feidhme na cosanta a thugtar leis an rialachán ('díolúine tís'; Aithris 18 agus Airteagal 2(2)(c)
  Ní rabhthas in ann teacht ar réiteach sásúil i gcás na faidhbe bunúsaí go bhféadfaidh an úsáid phríobháideach a bhaintear as sonraí teacht salach ar chearta bunúsacha daoine eile agus na cearta sin a shárú freisin.
- Níl an Rialachán inchurtha leis an leibhéal reatha cosanta sonraí san earnáil phríobháideach san Ostair mar go mbaintear an ceanglas go gcaithfear a chruthú go 'sáraítear' leasanna rúndachta an duine is ábhar do na sonraí le leasanna an rialaitheora (Airteagal 6(1)(f))
  Le linn na caibidlíochta, chuir an Ostair in iúl arís agus arís eile nach bhfuil sí in ann glacadh leis an bhfoclaíocht ná leis an léirmhíniú ar leasanna dlisteanacha an rialaitheora sonraí. Inár dtuairim, ní fhéadfar an phróiseáil sonraí a chosaint go díreach siocair go bhfuil leasanna dlisteanacha ag an rialaitheoir sonraí - gan ceanglas ann na leasanna sin a thomhas in aghaidh leasanna rúndachta an duine is ábhar do na sonraí.

Mar sin féin, cuirtear an cleachtas sin chun cinn leis an rún atá ann faoi láthair an luach céanna a thabhairt don dá leas. Cuirtear an duine is ábhar do na sonraí faoi mhíbhuntáiste i gcás mar sin, mar go gcuirtear an bhéim ar leas sáraitheach an duine is ábhar do na sonraí a chruthú agus go gcothaítear neamhchinnteacht dhlíthiúil leis sin i gcoitinne. Ba cheart gurb é an cuspóir mar sin, má táthar chun sárú ar chearta bunúsacha a cheadú, a áirithiú gur tábhachtaí leasanna an rialaitheora sa phróiseáil ná leasanna rúndachta an duine is ábhar do na sonraí, . Leis an gcóras atá á bheartú faoi láthair, nach bhfuil dírithe ach amháin ar leas dlisteanach an rialaitheora a bheith ann, agus lena chois sin, nach gá don leas sin a bheith níos tábhachtaí ná leas an duine is ábhar do na sonraí, laghdófar an leibhéal cosanta, ós rud é go bhfuil an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí infheidhme, agus dá bharr sin, ní fhéadfaidh an Ostair glacadh leis.

- <u>Ag dul timpeall phrionsabal an theorannú an chuspóra trí rialacha doiléire maidir lena bhféadfaí nó nach bhféadfaí níos mó sonraí a phróiseáil chun críocha 'comhoiriúnachta' mar a thugtar orthu (Airteagal 5 agus Airteagal 6)</u>

  Inár dtuairim, is í an bhunfhadhb atá leis an bhforáil seo go bhféadfaidh gach rialaitheoir eile i slabhra próiseála (a d'fhéadfadh a bheith ina shlabhra gan chríoch), le cois an rialaitheoir a bhailíonn na sonraí i dtús báire ('an rialaitheoir céanna') dul i muinín 'na hargóinte comhoiriúnachta'.

- <u>Féadfaidh na Ballstáit nó an tAontas prionsabail ghinearálta an dlí maidir le cosaint sonraí amhail an chothromaíocht, an dlíthiúlacht nó an chomhréireacht a shrianadh</u>

  Leagtar amach in Airteagal 23 na coinníollacha faoina bhféadfaidh reachtóir an Aontais nó dlí na mBallstát srian a chur ar chearta agus oibleagáidí áirithe a bheith á bhfeidhmiú faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Déantar tagairt mós doiléir d'Airteagal 5 (prionsabail ghinearálta) sa doiciméad atá ann faoi láthair, lena gceadaítear eisceachtaí ar na prionsabail sin freisin. De réir mar a thuigimidne, áfach, ní mór feidhm a bheith ag prionsabail ghinearálta maidir le cosaint sonraí sna cásanna uile a chumhdaítear leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, ionas nach mbeidh aon eisceachtaí ann. Áirítear prionsabail amhail 'an chothromaíocht', 'an dlíthiúlacht' nó 'an chomhréireacht' ar phrionsabail ghinearálta. Ó tharla gurb é ár dtuairim é nár cheart a bheith in ann na bunphrionsabail iad féin a shrianadh, nílimid in ann glacadh leis an réiteach seo.

- <u>D’fhéadfaí sonraí a aistriú thar lear ar bhonn leas dlisteanach an rialaitheora</u>

  Níl an Ostair in ann glacadh leis an díolúine atá in Airteagal 49(1) lena gceadaítear sonraí a aistriú go tríú tír bunaithe go díreach ar leas sáraitheach dlisteanach an rialaitheora ach an oiread. De facto, leis an riail seo, den chuid is mó, tugtar cead don rialaitheoir cinneadh a dhéanamh sonraí a aistriú go tríú tír, gan aon ról a bheith ag an údarás maoirseachta roimh ré. I gcomhréir leis sin, níor cheart gurb ionann agus bonn iomchuí dlíthiúil le haghaidh aistrithe é más chun leasa an rialaitheora é sonraí a aistriú thar lear.

  Cé gur laghdaíodh raon feidhme na díolúine leis na srianta breise a cuireadh uirthi le déanaí (an dualgas na húdaráis mhaoirseachta a chur ar an eolas, teoranta do chásanna aonair, bainteach go díreach le líon teoranta daoine is ábhar do na sonraí, etc.), tá sí fós doiléir.

- <u>D’fhéadfaí gearán a dhéanamh leis an údarás maoirseachta agus an cás a thabhairt os comhair dlí ag an am céanna</u>

  Ar thaobh amháin, beifear in ann gearán a dhéanamh leis an údarás maoirseachta (faoin dlí riaracháin) agus imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh sa chás céanna. Dár linne go dtagann a lán fadhbanna chun cinn leis an cur chuige dériain seo - mar shampla, maidir le res judicata. Ní fhéadfar iarmhairtí iomlána praiticiúla na forála seo a thomhas go fóill.